Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0099

Astaíochtaí CO_2 ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh 2025 go 2027

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Bealtaine 2025 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 chun solúbthacht bhreise a áireamh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na mblianta féilire 2025 go 2027 (COM(2025)0136 – C10-0062/2025 – 2025/0070(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0136),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 168(4), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0062/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 29 Aibreán 2025[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2025)0070

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 8 Bealtaine 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 chun solúbthacht bhreise a áireamh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 ag monaróirí a ríomh i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na mblianta féilire 2025 go 2027

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/1214.)